UCC
Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland



*Le chéile le Bród:*

# Plean Gníomhaíochta LADT+

2026 – 2028

**Coláiste na hOllscoile Corcaigh**



UCC
Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland

## Ráiteas Teanga

Aithnímid go mbíonn téarmaíocht agus teanga ag athrú de shíor agus gur minic iad ina gcnámh spairne, agus nach gcuimsíonn téarma amháin taithí gach duine sa phobal LADT+, go háirithe agus gréasán domhanda campais againn.

Sa Phlean Gníomhaíochta seo, úsáidimid an t-acrainm LADT+ mar scáth-théarma chun féiniúlachtaí a chuimsiú lena n-áirítear mar shampla leispiach, aerach, déghnéasach, éighnéasach, éarómánsúil, aiteach, trasinsnceach, neamh-dhénártha agus idirghnéasach.

# Réamhra ó Uachtarán Choláiste na hOllscoile Corcaigh



**Tá sárthraidisiún fada ag Coláiste na hOllscoile Corcaigh mar cheannaire ar ionchuimsitheacht LADT+. Bhí COC ar an gcéad ollscoil de chuid Ollscoil na hÉireann chun aitheantas oifigiúil a thabhairt do chumann LADT+ do mhic Léinn sa bhliain 1989 agus seoladh gréasán LADT+ na foirne in 2008, rud a léiríonn ár dtiomantas leanúnach do thacú lenár bpoboal LADT+[1]. Tá an tiomantas seo ag méadú agus ag láidriú le himeacht ama.**


Sa bhliain 2019, sheol COC Gréasán na gComhghuaillithe Bródúla, ag dearbhú ról lárnach na comhghuaillíochta chun timpeallacht ionchuimsitheach a chothú san ollscoil. Cúis mhórtais dom é gur ball mise. Tagann ár pbobal le chéile gach bliain in Le Chéile le Bród COC agus le trí bliana anuas, bhí sé de phribhléid agam Imeacht Bróid an Uachtaráin a óstáil – ceiliúradh tábhachtach na feiceálachta, na dlúthpháirtíochta agus an chomhionannais ar ár gcampas.

Tá an Plean Gníomhaíochta seo go mór faoi réir ag **Straitéis Ionchuimsithe LADTIA+ Náisiúnta II 2024–2028**, ina leagtar béim ar fhreagracht na gcomhlachtaí poiblí timpeallachtaí a chruthú atá sábháilte, fáiltiúil agus cothrom do dhaoine LADTIA+. Chomh maith leis sin, cuireann sé le tiomantas leanúnach COC do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú mar atá leagtha amach sna straitéisí agus creataí dár gcuid.

Cúis bhróid dúinn inniu an chéad Phlean Gníomhaíochta LADT+ in ollscoil Éireannach a sheoladh. Cloch mhíle stairiúil is ea é seo chomh maith le comhartha láidir d'uaillmhian COC: deimhin a dhéanamh de go mbraitheann gach mac léinn agus ball foirne LADT+ ar a suaimhneas ó thaobh na tacaíochta agus an dul chun cinn de.

Is mian liom buíochas ó chroí a chur in iúl dóibh siúd go léir a chuir le forbairt an phlean seo. Tá treochlár uaillmhianach curtha le chéile atá bunaithe ar bhur gcuid misnigh, saineolais agus tiomantais.

***Leanaimid ag obair i dteannta a chéile ar mhaithe le hollscoil a chruthú ina mbraitheann gach duine ag baile.***



**An tOllamh John O'Halloran**
Uachtarán,
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

# Réamhrá ó Chomh-Chathaoirligh Mheitheal Phlean Gníomhaíochta LADT+ COC

Toradh is ea Plean Gníomhaíochta LADT+ 2026 – 2028 ar phróiseas forbartha fairsing agus ionchuimsitheach bunaithe ar léargais, taithí, uaillmhianta ar bpobal ollscoile agus ár gcomhpháirtithe seachtracha.

Bunaíodh an Plean Gníomhaíochta seo ar na nithe seo a leanas:

- Suirbhé Luachanna agus Cultúir/CÉI na Foirne (2024);
- próiseas comhairliúcháin cuimsitheach le baill foirne, mic léinn agus eagraíochtaí seachtracha;
- saincheardlanna éascaithe; agus
- • athbhreithniú agus aiseolas atriallach ó lucht ceannaireachta na hollscoile.

Is mian linn ár mórbhuíochas a ghabháil do gach duine a roinn a gcuid ama, fuinnimh agus saineolais. Tá bhur gcuid guthanna mar bhonn eolais le tosaíochtaí, gníomhartha agus tiomantais atá leagtha amach sa phlean seo. Seachnaímid d'aon ghnó sa phlean seo plé le saolta LADT+ mar easnaimh. Bíodh is go bhfuil tacaíochtaí ag teastáil ó mhórchuid daoine LADT+ agus go bhfuil gníomhartha leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta seo chun na tacaíochtaí seo a sholáthar, tá sé i gceist leis an bPlean Gníomhaíochta seo freising deimhin a dhéanamh de ar bhonn réamhghníomhach go léirítear saolta LADT+ go bríoch agus go gcosnaíonn imeachtaí laethúla na hollscoile iad.

> Tá súil againn go mbeidh an Plean Gníomhaíochta seo mar ghríosú ar mhaithe le hathrú córasach agus inbhuanaithe, ag tacú le cultúr ina mbraitheann baill foirne agus mic léinn LADT+ sábháilte, ina dtugtar meas dóibh agus ina ndéantar iad a cheiliúradh.

Tá an Plean Gníomhaíochta bunaithe ar chreat straitéiseach cúig philéar a chuimsíonn Bunús, Cultúr, Rathúlacht, Fás agus Caidreamh faoi réir ag Ag Baile in COC 2025 - 2028. Seasann na piléir seo sa Phlean Gníomhaíochta mar thiomantas COC chun ceannaireacht, rialachas agus cuntasacht a threisiú; cultúr ionchuimsitheach LADT+ a chruthú atá sábháilte, measúil agus feiceálach; tacú le folláine, dul chun cinn agus gnóthachtáil bhaill foirne agus mhic léinn LADT+; cleachtas LADT+ ionchuimsitheach a leabú san oideachas, oiliúint agus taighde; agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcaidreamh le gréasáin inmheánacha LADT+ agus compháiritithe pobail seachtracha.

Tá na gníomhartha atá leagtha amach le haghaidh 2026–2028 deartha chun athruithe intomhaiste agus inbhuanaithe a chur i bhfeidhm. Orthu tá athbhreithniú agus forbairt polasaithe, feiceálacht agus tiomsú feasachta feabhsaithe, tacaíochtaí tréadacha agus gairmiúla méadaithe, tionscnaimh ionchuimsitheacha oideachais agus oiliúna, gréasáin taighde agus meantóireachta neartaithe agus caidreamh struchtúrtha le pobail LADT+ lasmuigh den ollscoil. Aithníodh freagrachtaí, amlínte agus tomhais dul chun cinn shoiléire mar thaca le cuntasacht agus feabhsú leanúnach.

Agus sinn ag obair go trédhearcach as lámha a chéile, tá se mar aidhm againn ionchuimsiú LADT+ a leabú mar thosaíocht fhadtéarmach na hinstitiúide agus pobal ollscoile a fhás ní hamháin ina mbraitheann daoine LADT+ sábhailte, ina léirítear meas dóibh, ach mar phobal ollscoile a aithníonn a gcuid fiúntas agus a dhéanann iad a cheiliúradh mar chuid lárnach de chultúr, scoláireacht agus misean sibhialta COC.

**An Dr Diarmuid Scully,** *Comhchathaoirleach Ghreásán na Foirne LADT+,2022-25*
**Ciara Murphy,** *Comhchathaoirleach Ghreásán na Foirne LADT+,2023-25*
**An Dr Avril Hutch,** *Stiúrthóir um Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú*
**An Dr Aoife Neary,** *Comhchathaoirleach Ghreásán na Foirne LADT+,2025-26*
**Anne-Marie Curtin,** *Oifigeach CÉI*
**Christopher Walsh,** *Comhchathaoirleach Ghreásán na Foirne LADT+,20225-26*


FERGAL CROWLEY
WELFARE OFFICER


Image courtesy of Cork LGBT Archive
corklgbtarchive.com/items/show/1270







# Brollach

**Tá COC tiomanta d'eispéireas na mball foirne agus na mac léinn LADT+ a chur chun cinn mar chuid lárnach dá mhisean institiúideach. Tá an tiomantas seo leabaithe in Go Buan Feasta: Plean Straitéiseach COC (2023), ina leagtar béim ar bharr feabhais ionchuimsitheach, cothromas agus muintearas agus iad mar chuid lárnach de threo straitéiseach na hollscoile.**

Tá **Plean Gníomhaíochta LADT+ 2026–2028** COC ag cur le forbairtí suntasacha náisiúnta agus institiúideacha a bhfuil sé mar aidhm acu dul i ngleich le neamhionannas agus leithcheal LADT+ in earnáil an ardoideachais trí chéile. Tá sé go mór faoi réir ag **Straitéis Ionchuimsithe LADTIA+ Náisiúnta II 2024–2028** ina leagtar amach creat náisiúnta chun athrú dearfach a chur chun cinn i gcomhlachtaí poiblí, institiúidí ardoideachais san áireamh.

Tá an Plean Gníomhaíochta seo mar chuid de mhórthiomantas COC do thimpeallacht shábháilte, ionchuimsitheach agus chothrom a chruthú do gach ball foirne agus scoláire. Seo an chéad chéim eile i dtraidisiún fada de cheannaireacht LADT+ in COC, ag cur le blianta fada a caitheadh ar ghníomhachas, tacaíocht ón bpobal agus tiomantas institiúideach.

## Ár gCur Chuige

Mar chomhlacht san earnáil phoilblí, tá dualgais reachtúla ag COC faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine de chuid an IHREC ina n-éilítear go dtógtar céimeanna réamhghníomhacha chun leithcheal a chosc, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint ina chuid oibríochtaí go léir. Forbraíodh an Plean Gníomhaíochta seo i ndáil leis na cosaintí atá leagtha amach in Acht na nOllscoileanna, 1997.

Tá an Plean Gníomhaíochta faoi réir acu seo chomh maith:

- **Straitéis Ionchuimsithe LADTIA+ Náisiúnta II 2024–2028**
- **Creat COC um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú 2025-2028**
- **Plean Gníomhaíochta Airgid Athena Swan 2025–2030**

Tá an plean seo ar **an gcéad Phlean Gníomhaíochta LADT+ a forbraíodh in ollscoil Éireannach** agus tá se bunaithe ar shamhlacha dea-chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta lena n-áirítear pleananna gníomhaíochta agus straitéisí comhionannais LADT+ ó ollscoileanna san Eoraip, sa Ríocht Aontaithe agus i dtíortha eile nach iad. Féach Aguisín 5: Creataí.



# Ballraíocht na Meithle

Tionóladh Meitheal LADT+ chun forbairt an Phlean Gníomhaíochta seo a stiúradh agus bhi baill ar an meitheal as aonaid acadúla, na seirbhísí gairmiúla, Aontas na Mac Léinn agus saineolaithe LADT+ seachtracha. Aontas na Mac Léinn de chuid COC a d'eagraigh rannpháirtíocht na mac léinn.

**Comchathaoirligh na Meithle:**

- An Dr Diarmuid Scully
- Ciara Murphy
- An Dr Avril Hutch
- An r Aoife Neary
- Anne-Marie Curtin
- Christopher Walsh

**Ballraíocht:**

- Ionadaithe Oifig CÉI
- Baill foirne acadúla agus gairmiúla
- Ionadaithe ó Aontas na Mac Léinn, COC

Féach Aguisín 6 chun teacht ar bhallraíocht iomlán an ghrúpa seo.

**Cathaoirligh Philéir le haghaidh Comhairliúcháin:**

- An Dr Diarmuid Scully
- Ciara Murphy
- An Dr Avril Hutch
- An Dr Aoife Neary
- Gordon Grehan, Bainisteoir Oideachais, ShoutOut Ireland

**Comhairleoirí seachtracha:** An Coláiste Ollscoile, Londain agus Ollscoil Sussex, an Ríocht Aontaithe; Ollscoil Monash, an Astráil.

# Próiseas Comhairliúcháin

Bhí próiseas comhairliúcháin fianaise-bhunaithe, a raibh leibhéil éagsúla i gceist leis, mar bhonn eolais agus Plean Gníomhaíochta LADT+ 2026–2028 COC á fhorbairt, mar shampla:

- **Suirbhé Luachanna agus Cultúir/CÉI na Foirne (Márta 2024)** – ina bhfuarthas léargas ar thaithí na ndaoine ar ionchuimsiú, leithcheal agus muintearas.
- **Athbhreithniú Deisce (Aibreán – Lúnasa 2025)** – inar deineadh athbhreithniú ar chreataí náisiúnta agus pleananna gníomhaíochta LADT+ ó ollscoileanna idirnáisiúnta eile.
- **Ceardlanna ó Shaineolaithe (Bealtaine 2025)** – arna n-éascú ag saineolaithe ShoutOut agus COC.
- **Seisiúin Chomhairliúcháin le Páirtithe Leasmhara Seachtracha (Bealtaine 2025)** – le heagraíochtaí na hearnála agus an phobail.
- **Ardán Aighneachtaí ar Líne:** Bhíothas in ann freagraí gan ainm a chur ar fáil, rud a chuir leis an rannpháirtíocht agus a chuir guthanna mionlaigh san áireamh.
- **Caidreamh le hAontas na Mac Léinn (Aibreán-Iúil 2025)** – ag cinntiú ghuthanna agus thaithí saoil na mac léinn mar bhonn eolais díreach leis an bPlean.
- **Cruinnithe Atriallacha Chomchathaoirligh na Meithle** – le linn Ráithe 4 2025 agus Ráithe 1 2026.
- **Comhairliúchán leis an Meitheal iomlán** – le linn Ráithe 3 agus Ráithe 4 2025.

A bhuí leis an bpróiseas seo, cinntíodh go bhfuil an Plean Gníomhaíochta fréamhaithe ar thaithí saoil, atá bunaithe ar fhianaise agus a léiríonn comhthéacs institiúideach COC.

# An Próiseas Athbhreithnithe

Cinntíodh críochnúlacht, soiléireacht agus cuntasacht:

- Dréachtú atriallach agus aiseolas na bpáirtithe leasmhara
- Athbhreithniú inmheánach na gcoistí CÉI agus Ghréasán na Foirne LADT+
- Meastóireacht ó Aontas na Mac Léinn
- Athbhreithniú seachtrach
- Athbhreithniú rialála trí Fo-choiste CÉI Fhoireann Ceannais na hOllscoile
- Faomhadh deireanach ó Fhoireann Ceannais na hOllscoile (FCO) agus ó Choistí ábhartha an Údaráis Rialaithe (TBC)

# Creat Straitéiseach Samhail Cúig Philéar

Tá Plean Gníomhaíochta LADT+ 2026–2028 COC bunaithe ar **Shamhail Cúig Philéar**, arna thacú ag creat láidir ar mhaithe le **feidhmiú, monatóireacht agus meastóireacht**. Tá baint ag na piléir seo lena chéile agus tacaíonn siad dá chéile, rud a chinntíonn cur chuige uile-institiúide i leith ionchuimisú LADT+.

1

**Piléar 1: Bunús**
Ceannaireacht, rialachas agus cuntasacht

Díríonn an Piléar seo ar ionchuimsiú LADT+ a leabú laistigh de struchtúir institiúideacha le ceannaireacht láidir, socrithe soiléire rialaithe, ailíniú polasaithe agus meicníochtaí cuntasachta.

2

**Piléar 2: Cultúr**
Timpeallacht shábháilte, mheasúil agus ionchuimsitheach a chruthú

Tá sé mar aidhm ag na gníomhaíochtaí faoin bpiléar seo feiceálacht a neartú, comhghuaillíocht a chothú, leithcheal a chosc agus deimhin a dhéanamh de go mbraitheann gach ball de phobal na hollscoile sábháilte, go bhfuil meas orthu agus go ndearbhaítear iad.

3

**Piléar 3: Rathúlacht**
Ag tacú le folláine, dul chun cinn agus gnóthachtáil na foirne agus na mac léinn

Tá se mar thosaíocht ag an bpiléar seo tacaíocht thréadach, meantóireacht forbartha gairmiúla a chur ar fáil chomh maith le dul i ngleic le bacainní struchtúrtha a théann i bhfeidhm ar thaithí agus torthaí bhaill foirne agus mhic léinn LADT+

4

**Piléar 4: Fás**
Oideachas, oiliúint agus taighde ionchuimsitheach

Tá an piléar seo mar thaca le curaclaim ionchuimsitheacha a fhorbairt chomh maith le foghlaim ghairmiúil, cumas bainistíochta agus acmhainneact taighde ina gcinntítear go bhfuil iochuimsiú LADT+ leabaithe i dteagascc, foghlaim agus scoláireacht.

5

**Piléar 5: Caidreamh**
Pobal agus compháirtíochtaí seachtracha a neartú

Díríonn na gníomhartha seo ar chaidreamh bríoch le gréasáin inmheánacha agus le páirtithe leasmhara seachtracha, lena n-áirítear eagraíochtaí sochaí sibhialtachun comhoibriú, comhfhoghlaim agus tionchar pobail a chothú.






# Feidhmiú, Monatóireacht agus Meastóireacht

Glacfaidh COC le cur chuige struchtúrtha maidir le feidhmiú, faoi stiúir na Meithle LADT+.

**Cuirfear na nithe mar seo i bhfeidhm:**

- Pleanáil ghnímh i gcoláistí agus aonaid
- Oiliúint, meantóireacht agus forbairt curaclaim
- Leithdháileadh acmhainní agus uirlisí tacaíochta

**Déanfar monatóireacht ar nithe mar seo a leanas:**

- Bailiú sonraí agus anailísíocht
- Tuairisciú PTFanna
- Bealaí aiseolais do bhaill foirne agus scoláirí
- Uasdátú bliantúil i dTuarascáil Bhliantúil CÉI na hInstitiúide

**Déanfar meastóireacht ar nithe mar seo a leanas:**

- Athbhreithniú lárthéarma (2027)
- Meastóireacht deiridh (2028)
- Meastóireacht ar athrú cultúrtha agus institiúideach
- Moltaí le haghaidh timthriallta amach anseo

Tá COC meáite ar ionchuimsiú LADT+ a leabú mar thosaíocht fhadtéarmach san institiúid.

# Aguisín 1:

## Creat agus Plean Gníomhaíochta LADT+ 2026 - 28

### Piléar 1: Bunús

| | Gníomh | Beart na Rathúlachta | Amscála | Úinéir an Ghímh |
|---|---|---|---|---|
| 1.1 | Meitheal LADT+ a bhunú chun Plean Gníomhaíochta LADT+ a chur i bhfeidhm. | Téarmaí tagartha a dhréachtú; cruinnithe a sceidealú; tuairisciú go dtí Fochoiste CÉI ULT uair sa ráithe. | Ó Mhárta 2026 (ar lean) | Gréasán LADT+, Fochoiste CÉI ULT |
| 1.2 | Polasaithe, gnáthaimh agus sceidil na hollscoile aitheanta a athbhreithniú agus a leasú chun deiseanna a thapú chun ionchuimsiú LADT+ a neartú. Moltaí a sholáthar. | Polasaithe ábhartha aitheanta agus athbhreithnithe i Suirbhé CÉI na Foirne; moltaí dréachtaithe; leasuithe curtha isteach. | Meith-M Fómh 2026; ó M Fómh 2026 | Bainisteoir Tacaíochta Polasaithe, OCLA, Fóram Daoine agus Cultúir, Fochoiste CÉI ULT |
| 1.3 | Dul i mbun athbhreithniú ar Pholasaí UCC um Fhéiniúlacht agus Léiriú Insnce do Bhaill Foirne agus Mic Léinn COC (2018). | An polasaí thuasluaite a athbhreithniú agus a uasdátú. Dul i mbun tagarmharcáil agus comhairliúchán náisiúnta le húsáideoirí déanacha an pholasaí. Sraith straitéisí a fhorbairt do bhainisteoirí agus úsáideoirí an pholasaí. Tús a chur le hoiliúint ar an bpolasaí nua, uasdátaithe. | Meith 2026-Márta 2027 | Oifig CÉI/Meitheal LADT+, Gréasán Comhghuaillíochta Taighde Tras na Foirne agus na Mac Léinn (TRANSS), Meitheal Pholasaí CÉI |
| 1.4 | Mol LADT+ a fhorbairt ar SharePoint/ shuíomh idirlín chun go mbeidh áit ar leith le haghaidh acmhainní agus thacaíochtaí LADT+ | Taighde déanta; Mol cruthaithe; leathanach gréasán foilsithe. | Q4 2026/ Q1 2027 | Máistir Gréasáin, Oifig CÉI, Meitheal LADT+ |

### Piléar 2: Cultúr

| | Gníomh | Beart na Rathúlachta | Amscála | Úinéir an Ghímh |
|---|---|---|---|---|
| 2.1 | Treoir sábháilteachta LADT+ a fhorbairt agus a dháileadh ar bhaill foirne agus mic léinn ar shocrúcháin agus nuair bhíonn siad ag taisteal. | Athbhreithniú ar an gcomhairle; treoir cruthaithe; treoir dáilte. | Seimeastar 1 2026/27 | OCLA, P&C, EDI |
| 2.2 | Feiceálacht LADT+ a mhéadú ar an gcampas le hábhair, siombailí agus gníomhartha bliantúla Bróid. | Abhair cruthaithe; bratacha ar crochadh; feiceálacht coimeádta. | Seimeastar 1 2026/27 | Eastáit, Cumarsáid, CÉI |
| 2.3 | Feachtas tiomsaithe feasachta LADT+ tiomnaithe a bhunú. | Tionscnaimh cothaithe; scéalta foilsithe; feceálacht méadaithe. | Seimeastar 1 2026/27 | CÉI, Gréasán na Foirne LADT+ |
| 2.4 | Treoirlínte bulaíochta frith-homafóbacha/trasfhóbacha a fhorbairt do mhic léinn agus mic léinn. | Treoirlíne dréachtaithe; meicníochtaí uasdátaithe, lena n-áirítear Speak Out. Lámhleabhair do bhainisteoirí forbartha/seolta agus oiliúint orthu curtha ar fáil gach bliain. | Seimeastar 1 2026/27 | CÉI, P&C, Eispéireas na Mac Léinn |

### Piléar 3: Rathúlacht

| | Gníomh | Beart na Rathúlachta | Amscála | Úinéir an Ghímh |
|---|---|---|---|---|
| 3.1 | Tacaíocht thréadach agus chomhghuaillíochta LADT+ a chur chun cinn. | Tacaíochtaí méadaithe; feachtas athsheolta; liosta na nDaoine Fásta Sábháilte cruthaithe; gradam tosaithe; úsáid forainmneacha ar shínithe r-phoist a chur chun cinn, treoir curtha chun cinn; tionscnaimh Comhghuaillihe Bródúla athsheolta; Gradam LADT+ na Foirne a sheoladh; comhpháirtíochtai a chruthú. | Seimeastar 1 2026/27 | CÉI, P&C, Gréasán na Foirne LADT+ |
| 3.2 | Tionscaimh chun tacú le taighdeoirí LADT+ a fhorbairt lena n-áirítear meantóireacht agus gréasáin. | Riachtanais measta; cláir forbartha. Ailíniú le Gníomh Athena Swan 2.2.13 | Ó M Fómh 2026 | An Oifig Taighde, CÉI, Leabharlann COC |
| 3.3 | Neamhchinnteacht poist; foireann LADT+ le bheith mar chuid de chinntí pleanála. | Seisiúin phleanála reáchtáilte; moltaí curtha isteach. Ailíniú le Gníomh Athena Swan 2.2.2, 2.2.3) | Ó M Fómh 2026 (ar lean) | ULT, CÉI, P&C |






## Piléar 4: Fás

| | Gníomh | Beart na Rathúlachta | Amscála | Úinéir an Ghímh |
|---|---|---|---|---|
| 4.1 | Treoir ionchuimsitheachta agus ábhair ionduchtaithe LADT+ do mhic leinn a fhorbairt. | Treoracha cruthaithe; uaslódáilte; ionduchtú curtha ar fáil. | M Fómh 2026 | Gréasán LADT+, Oifig CÉI |
| 4.2 | Cleachtas ionchuimsitheach LADT+ agus sleamhnán ionduchtaithe a fhorbairt don fhoireann. | Tús curtha leis an treoir; í fhoilsithe; an sleamhnán san áireamh. | M Fómh 2026 | Gréasán LADT+, Oifig CÉI, Folláine agus Forbairt na Foirne |
| 4.3 | Sraith uirlisí/seicliosta LADT+ a chruthú do bhainisteoirí agus oiliúint a chur ar fáil. | Uirlisí cruthaithe; oiliúint curtha ar fáil. | M Fómh 2026 | Gréasán LADT+, Oifig CÉI, Folláine agus Forbairt na Foirne |
| 4.4 | Oiliúint LADT+ Workwize a sheoladh agus oiliúint phearsanta a aimsiú/ fhorbairt. | Cúrsa seolta; dhá sheisiún phearsanta bhliantúla reáchtáilte. | M Fómh 2026; Márta/Samh gach bliain | Oifig CÉI, Daoine agus Cultúr |
| 4.5 | Bunachar sonraí de thaighdeoirí uile COC atá i mbun taighde agus oideachais LADT+ chun caidreamh tras-disciplíneach, tras-earnála a éascú. | Próifílí athbhreithnithe; bunachar sonraí cruthaithe; foilsithe. | Márta 2025–Márta 2027; Athbhreithniú bliantúil. | An Oifig Taighde, CÉI, an Leabharlann |
| 4.6 | Sraith ábhar agus acmhainní LADTA+ atá ionchuimsitheach a a fhoilsiú a mbeidh teacht orthu i mbailiúchán LADT+ le húsáid ag oibrithe cúraim sláinte agus oideolaíochta más mian leo. | Ábhair foilsithe agus ar fái sa bhailiúchán LADT+/ | Samhradh 2026 | Gréasán Comhghuaillíochta Taighde Tras na Foirne agus na Mac Léinn (TRANSS), Meitheal Taighde COC,Coiste CÉI Scoil an Oideachais, Fochoiste CÉI ULT. |

## Piléar 5: Caidreamh

| | Gníomh | Beart na Rathúlachta | Amscála | Úwinéir an Ghímh |
|---|---|---|---|---|
| 5.1 | Oifigeach LADT+ tiomnaithe a cheapadh | Sonraí cás-ghnó/poist an róil a fhorbairt mar thaca le foinse maoinithe a aithint. Ról faofa agus líonta. | Lúnasa 2026 | CÉI, Daoine agus Cultúr, Rochtain, Imeachtaí, Gréasán LADT+ |
| 5.2 | Comchomhairle bhianntúil a bhunú do phobal COC agus páirtithe leasmhara LADT+ seachtrach. | Tasc a chruthú agus meitheal a chríochnú chun Meabhrán Tuisceana do chaidreamh COC le grúpaí pobail LADTAI+ a fhorbairt | M Fómh 2026 | Grúpa Idirghníomhaireachta Chorcaí, Egraíochtaí Sibhialta LADT+, CÉI, Caidreamh leis an bPobal, COC |
| 5.3 | Imeachtaí LADT+ a iniúchadh; bailiúchan a chruthú; plean cumarsáide a fhorbairt. | Iniúchadh déanta; bailiúchán cruthaithe; plean cumarsáide curtha i bhfeidhm. | Samh 2026 | CÉI, Meitheal LADT+ |

# Aguisín 2:

## Léaráid Fómhair Ghrafaigh








Ealaíontóir: Orlagh O'Brien

# Aguisín 3:

## Treoir Acrainmneacha LADT+ (a bhuí le Shout Out)

Is ag síor-athrú a bhíonn an téarmaíocht maidir le gnéaschlaonadh, difríochtaí i ngnéithe gnéis, féiniúlacht agus nochtadh inscne agus is iad seo na téarmaí agus na sainmhínithe reatha agus an Plean Gníomhaíochta seo á fhoilsiú. Anuas air sin, níl liosta uileghabhálach i gceist leis an treoir seo. Dea-chleachtas is ea é tar éis an tsaoil rogha téarmaí an duine aonair nó an ghrúpa ar leith agus má tá tú in amhras níl le déanamh ach ceist a chur.

- **Lesbian**
  Mná atá meallta go príomha go gnéasach agus/nó go rómánsúil ag mná eile. Cuimsítear mná trasinsnceacnacha agus daoine neamh-dhénártha, solúbtha ó thaobh inscne de, nó aiteacha ó thaobh insncne de a aithníonn iad féin sa téarma.

- **Aerach**
  Fir atá meallta go príomha go gnéasach agus/nó go rómánsúil ag fir eile agus mná ata meallta ag mná. Úsáideann daoine eile ar an speictream LADT+ an focal "aerach" mar fhocal a dhéanann cur síos ginearálta.

- **Déghnéasach**
  Meallta ag níos mó ná inscne amháin. Cuimsítear mar shampla, fireann agus bainean, agus áirítear go soiléir daoine neamh-dhénártha, solúbhta ó thaobh insnce agus éi-inscneacha.

- **Aiteach**
  Téarma athshlánaithe a úsáidtear mar chur síos ginearálta ar fhéiniúlachtaí LADTAIÉ+. Úsáidtear an téarma leis i gcomhthéacsanna acadúla agus cultúrtha eadhon an Léann Aiteach nó an Litríocht Aiteach.

- **Éighnéasach**
  Daoine nach bhfuil meallta go gnéasach ag daoine eile puinn nó in aon chor. D'fhéadfadh daoine éighnéasacha a bheith meallta go rómánsúil agus caidreamh a bhunú. Cuimsítear sa speictream seo féiniúlachtaí cosúil le leathghnéasach agus liath-éighnéasach.

- **Éarómánsúil***
  Gan(puinn) mothúchán rómánsúil do dhaoine eile: ar bheagán nó gan dúil ná mealladh rómánsúil.

- **Panghnéasach**
  Meallta ag gach inscne, nó mealladh beag beann ar inscne.

- **Trasinscneach (Tras)**
  Daoine nach ionann a ngéas breithe agus a bhféiniúlacht inscne. Mar shampla: duine dar sannadh an inscne fhireann tráth na breithe ach le féiniúlacht bhaineann.

- **Idirghnéasach**
  Daoine a rugadh le tréithe gnéis (crómasóim, hormóin, agus/nó anatamaíocht) nach n-oireann dóibh na gnnáth-shainmhínithe a thugtar ar fhireann nó baineann. Is féidir difríochtaí idirghnéasacha a aithint tráth na breithe nó an chaithreachais, mar dhuine fásta nó san iarbhás.

- **+**
  Seasann móide do na féiniúlachtaí eile go léir faoi scáth an fhocail Aiteach nach n-ainmnítear go sonrach.

*Sainmhíniú ó Merriam-Webster




# Aguisín 4:

## Stair an Phobail LADT+ in COC

*An Dr Diarmuid Scully*

Ar feadh an chuid is mó de stair COC ní rabhthas in ann baill foirne agus mic léinn LADT+ in COC a chlos ná a fheiscint. Dá n-aithneofaí iad, bhí baol ann go ndéanfaí iad a náiriú, go ndíbreofaí iad nó go gcuirfí an dlí orthu. Dar leis an eaglais, an stát agus mórchuid údaras leighis an tráth úd bhí a gcuid gnéasachta mar pheaca, mar choir agus mar fhadhb phaiteolaíoch. Nuair a bunaíodh Coláiste na Banríona Corcaigh sa bhliain 1845 (a athainmníodh mar COC in 1908), go teoiriciúil dob ann do phionós an bháis i gcónaí i gcás cuid de na foirmeacha de ghníomhartha comhghnéis i measc daoine fásta comhthoiliúla. An bheirt fhear dheireanacha a cuireadh chun báis sa Bhreatain agus in Éirinn faoin reachtaíocht seo, crochadh iad i Sasana sa bhiain 1835. Fuarthas réid le pionós an bháis sa bhliain 1861 ach leanadh leis an gcos ar bolg dlíthiúil. Sa leabhar The College (Cló Ollscoile Chorcaí, 1995) le John A. Murphy, faighimid léargas annamh ar lch 236 ar an tionchar a bhí aige seo ar COC nuair a luann sé gur díbríódh mac léinn sna 1930í. Na dlíthe hómafóbacha ba chúis le Oscar Wilde a chur i bpríosún i Sasana sa bhliain 1895 a bhí i bfheidhm i bPoblacht na hÉireann go dtí 1993.

Ó shin i leith, tá athrú nach beag tagtha ar stádas daoine LADT+ in Éirinn agus ar an meon ina leith. Tá an claochlú seo le feiceáil ar champas COC. Mar chomóradh tríocha bliain ar dhíchoiriúlú (2023), reáchtáil COC agus Tionscadal Aerach Chorcaí, searmanas lasmuigh d'Áras Uí Rathaille in aice le Siúlóid an Bhogha Báistí chun crann a phlandáil. Suiteáladh an tsiúlóid féin sa bhliain 2021; léiríonn sí dearadh agus dathanna bhratach Bogaimís le Bród (2028) ina bhfreagraítear do bhradach bunaidh Bhród an Bhoga Báistí (1978). Tá an bratach Bogaimis le Bród le feiceáil chomh maith ar phríomhstaighre Leabharlann Boole (2026). D'eascair an smaoineamh faoi agóigí agus ceiliúrthaí Bróid as na gluaiseachtaí idirnáisiúnta ar son cearta LADT+ de dheasca Chíréibeacha Stonewall Nua Eabhrac sa bhliain 1969. Ba iad an Ghluaiseacht um Shaoirse Ghnéis (1973) agus an Ghluaiseacht Éireannach um Chearta na nAerach (1974) a chuir tús leis an bhfeachtas i bPoblacht na hÉireann chun cearta LADT+ a bhaint amach. Lean na grúpaí seo iad chomh maith: Liberation for Lesbians (1978), the Friends of Eon, an chéad ghrúpa Tras in Éirinn (1978), the National Gay Federation (1979), agus grúpaí réigiúnacha lena n-áirítear an Cork Gay Collective (1980), a d'eagraigh an chéad Chomhdháil Aerach Náisiúnta in Éirinn (1981).

Is ag an bpointe seo a thosnaíonn stair oscailte LADT+ COC chomh maith, le díospóireachtaí na mac léinn in 1979 agus in 1980 nuair a bunaíodh Gay Soc mar chumann do mhic léinn (1980). D'áitigh gníomhaithe

LADT+ na mac léinn, Aontas na Mac Léinn agus baill foirne a bhí mar chomhghuaillithe ar choiste rialaiteh COC chun an Gay Soc a aithint in 1989, rud a d'fhág gurb é COC an chéad choláiste de chuid Ollscoil na hÉireann (OÉ) a d'aithin cumann LADT+ do mhic léinn.

I ndiaidh do bhaill foirne LADT+ teacht le chéile in 2007, bunaíodh Gréasáin na Foirne LADT+ in COC; seoladh é go hoifigiúil in 2008. Mar chomóradh deich mbliana ar bhunú an Ghréasáin, bhí Brat an Bhróid ar foluain ar chrann brataí oifigiúil na hOllscoile (2017) agus bliain ina dhiaidh sin bhí se ar an gcéad ollscoil san OÉ a chuir Bratach an Bhróid Thrasinscnigh ar foluain ar chrann brataí (2018). Ó shin i leith, i gcomhar le Gréasáin na Foirne LADT+ tá na bratacha seo curtha ar foluain ag an Ollscoil ar dhátaí ar leith ar fhéilire LADT+. Cuireadh le hionchuimsitheacht agus feiceálacht LADT+ in COC ar shlite eile chomh maith; forbraíodh Pholasaí UCC um Fhéiniúlacht agus Léiriú Insnce do Bhaill Foirne agus Mic Léinn COC (2018), bunaíodh Comhghuaillíocht Bhogha Báistí do bhaill foirne (2019), cruthaíodh Siúíóid an Bhoga Báistí (2019), reáchtáladh feachtas na gComhghuaillithe Bródúla do mhic léinn (2023) agus Imeacht Bróid an Uachtaráin (2023).

De dheasca uafás na staire i gcás daoine LADT+, tá tábhacht nach beag le bratacha ar foluain agus comharthaí tacaíochta agus comhghuaillíochta eile don phobal LADT+ ag comhlachtaí oifigiúla, institiúidí, agus daoine aonair. Ní gníomhartha gan chiall iad ach tá brí ar leith acu agus iad mar ghealltanas chun baill foirne agus mic léinn LADT+ in COC a chur san áireamh, a chomóradh agus a chosaint.
















# Aguisín 5:

## Creataí

**UCC EDI Frameworks**

- Plean Straitéiseach COC:Go Buan Feasta (2023- 2023)
- Ag Baile in COC: Creat sraitéisech Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe (2025-2028)

**Straitéisí agus Treoircháipéisi LADT+ Eorpacha agus Náisiúnta**

- European Commission Guidelines for Strategies and Action Plans to Enhance LGBTIQ Equality (2022)
- Straitéis Ionchuimsithe LADTIA+ Náisiúnta –2028
- Straitéis Ionchuimsithe LADTIA+ Náisiúnta Gníomh 2024-2028
- LGBT Ireland Strategic Plan Making Ireland the Best Place in Europe to be LGBTQI+ 2023-2027
- Belong To 'You Belong Here' Strategic Plan 2025-2027
- Plean Straitéiseach ShoutOut 2025 -2027
- TENI Supporting Transgender Inclusion in the Workplace: Guidelines for Employers and Employees
- Employer's Toolkit for LGBTQ+ Inclusion

**Pleananna Gníomhaíochta LADT+ Ollscoileanna Idirnáisiúnta**

- University of Sussex LGBTQ+ Inclusion Action Plan
- University of Sheffield LGBT+ Equality Strategy & Action Plan
- University of Exeter LGBTQ+ Action Plan
- University College London LGBTQ+ Action Plan
- University of Melbourne LGBTIQA+ Inclusion Action Plan
- Monash University Rainbow Communities and LGBTIQA+ Action Plan 2025-2030

# Aguisín 6:

## Ballraíocht iomlán na Meithle a bhí ag plé leis an bPlean Gníomhaíochta LADT+

**Ryan Biskupović-Goulding,**
Gréasán na Foirne LADT+

**An Dr Silvia Brandi,**
Gréasán na Foirne LADT+

**Fergal Crowley,**
An tOifigeach Leasa UCCSU 2025-2026

**Anne-Marie Curtin,**
Oifigeach CÉI

**Barbara Diener,**
Cathaoirleach Choiste CÉI, Leabharlann COC

**An Dr Avril Hutch,**
Stiúrthóir CÉI

**Gordon Grehan,**
*Shout-out* (éascaitheoir seachtrach)

**Ciara Murphy,**
Comhchathaoirleach Ghreásán na Foirne LADT+ 2023-2025

**An Dr Aoife Neary,**
Comhchathaoirleach Reatha, Greásán na Foirne LADT+

**Mary O'Rourke,**
Iar-Chomhchathaoirleach Reatha, Greásán na Foirne LADT+

**Maurice Ryder,**
Greásán na Foirne LADT+, Ceann na nÁbhar Gréasáin

**An Dr Diarmuid Scully,**
Comhchathaoirleach Ghreásán na Foirne LADT+ , 2022-2025

**Lucrecia Luna Smee,**
Iarchéimí mar Chúntóir, Oifig CÉI

**Christopher Walsh,**
Comhchathaoirleach Reatha, Greásán na Foirne LADT+

**An Dr Darius Whelan,**
Gréasán na Foirne LADT+







**An Oifig Comhionnanais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe**
An Lóiste Theas,
Coláiste na hOllscoile Corcaigh
Corcaigh, Éire
edioffice@ucc.ie

**ucc.ie/en/edi**

UCC
Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland

